

CARÚIL NOLLAG

Suim agam le fada an lá sna Carúil Nollag, obar mór Úna Ní Ógáin, Eamonn Ó Gallchobhair, Seán Óg Ó Tuama, Aistriúcháin Tadgh Ó Seaghdha, Seán Ó Briain, nua cheol Sr Colmcille, Máire Ní Dhuibhir, agus gan ach a leath des na hainmneacha luaite agam ansin.....na leabhair a cuireadh ar fáil agam.....ansin mé ag taisteal mar mhisinéar ó ceann ceann na tire agus sna Gaeltachtaí ag teacht ar na leagannacha éagsúla sna n-aistriúcháin.....Billeógaí Aifreann Nollag i gcónaí á mbailiú agam....agus daoine ag fiafraí dhíom an bhfeidfainn teacht i gcabhair orthu ó thaobh focail....sin is cúis dom seo a chuir ar fáil.

Bí cinnte dhe go bhfuil botún ann...litriú, graiméar.....ní a gconaí a thuig mé na bhfocail.....ach d'fhágas mar atá atá said.... ag súil go gceartódh duine éigin a bhfuil an teolas ceart acu chun sin a dhéanamh.

Ní ionann is a rá go bhfuil sé ar mo chumas cead proinntéal na lircí seo a thabhairt d'éinne. Tá cóip ceart ag dul faoi sin i cuid mhaith lena a bhfuil anseo. Ach is maith liom daoine a chuir ar an eolas faoin a bhfuil ar fail, agus go ndéanfar and cóip ceart sin a lorg.

Beannachtaí Féile na Nollag ort agus ar do chuid ceol.

Clement Mac Mánuis C.Ss.R.

clmm284@gmail .com

0876044460

Nod:

Aistr= Aistricáin

BNBF	=	Billeog Nollag Beal Feirste	Eamonn o fagain
BNDC	=	Billeóg Nollag Dhún Chaoin	
BNPF	=	Billeóg Nollag Paróiste a' Fheirtéaraig	
BNR	=	Billeóg Nollag na Rinne	
CN	=	Carúil Nollag	[leabhar cheoil] Fionnuala de Barra-Cusack a thionscain, Cló Chaisil
CC	=	An Chóisir Cheoil	Bailiúcháin Seán Óg Ó Tuama

CleC	=	Canaimís le Chéilge	Seán Óg Ó Tuama
DDD	=	Daichead Duan Diaga (Tír chonaill)	Foilseacháin Veritas
DN	=	Duanta Nollag Cnuasacht	Seán Óg Ó Tuama [Billeóg]
EÓG	=	Eamonn.Ó Gallchobhair	
FdeB-C	=	Fionnuala de Barra-Cusack	
Gúm	=	An Gúm Foilsitheoirí	
IC	=	In Caelo Veritas	
RteCL	=	RTÉ Choral Library	
SÓg	=	Seán Óg Ó Tuama	
T. Ó Sea.	=	Tadhg Ó Seaghdha	
TÓCan	=	Tomás Ó Canainn	
Tús	=	Máire Ní Dhuibhir eagarthóir	
VH	=	Veritas Hymnal	

+++++

CD C. Disk
 Cass = cassette
 C12" = Ceirnín 12"

Aoibhinn do Theacht		Máire Ní Dhuibhir	C12"; Cass.
An Mainséar	=	Cór an Cheathr Thaidgh	CD faoi stiúr Maebh Ní Gallchóir
Réalt na Mara		Cór na Mara	Sr Angela Lawless+Maire Ni Dhuibhir
Light of Lights Solas na Soilse		Finola Ó Siocrú	CD
Tá Sé Beirthe		Cór Bré Chualainn	C12" faoi stiúr Seán Ó Brian
Carúil Nollag		Cór Cois Fharraigne	CD faoi stiúr Aisling Ni Neachtain

+++++=====

A Ard-Rí a tháinig chun Stábla	1	[Fonn: Buachaill ón Eirne mé]
A Chairde is dílis [Adeste-Tír Chonaill]	2	[40 Duan Diaga Veritas]
A Chreidmhigh 'nois thriallaigh [Adeste]	3	[Billeóg na Nollag Dhún Chaoin]

A Dhia na Nollag,	4	Máire Ní Dhuibhir	[Tús] Cass <i>Aoibinn do Theacht</i> ; CN
A Íosa Bhinn	5		[Billeóg Nollag na Rinne]
A Leanbh Ghil Mhilis do tháinig ó Ph. anuas	6	Liam De Noraidh	[An Gúm]; CD <i>Carúil Nollag FdeB-C</i>
A Mhaighdean bheannaith mo mhile ghrá thú,	7	S. Óg Ó Tuama	[Duanta Nollag bailithe ag Seán Óg]
A Mhuire 'tá lán de thuile na ngrás,	8	S. Óg Ó Tuama	[Duanta Nollag bailithe ag Seán Óg]
A Phobail 'á ag féile Chríost	9	Máire Ní Dhuibhir	Tús <i>Carúil Locha Ghormáin</i>
Adhraim mo Leanbh Beag	10	S. Óg Ó Tuama	[CC, VH] Cóiriú: SSA EÓG; An Gúm
Ailliliú ó Íosa!	11	Nóirín Ní Riain	[Baillithe ag Pilip Ó Laoire] CD Nóirín Ní R.
An chéad gairm Noel	12	S. Ó Seaghdha	Tús; Duanta Nollag
An Chéad Noel ós na hAingil sa Spéir	13		[BN Paróiste a' Fheirtéaraigh]
An Chéad Nollaig tháinig aingle Dé	14		[Noel - Tír Chonail]
An Chraoibhín Chumhra	15	T. Ó Seaghdha	[Ais.Carúil Nollag Uimhir 4]
An eol duit a Mhuire	16	S. Óg Ó Tuama	[Dán le M. Ó Direáin] CD Finola Ó Siochrú
An mBeadh Lóistín na hOíche	17		Dán [Billeóg Nollag na Rinne]
An Oíche Úd, = O Holy Night	18	Éamonn Ó Fagáin	[Billeóg Aifreann na Nollag Béal Feirste]
Aoibhneas don domhan	19	Seán Ó Briain	[Joy to the World Aist. ar céirnín 12"]
phréabhacha lag' caola tá caoinrós ag fás.	20	Seán Ó Briain	[Féach an Rós] Aist.
B'fhada linn do theacht,	21	Clement	
Bhí Íosa sa mhainéar	22		[Billeóg Nollag na Rinne]
Canann Cór na nAingil mBinn	23		[Billeóg Nollag na Rinne]
Céad Fáilte Romhat a Linbh	24	Pat Ahern	In Caelo
Chuaigh Muire thríd an Droigneachch Críon	25	T. Ó Seaghdha.	[Nollag Uimhir 5]
Chugainn do seoladh teachtaire Dé	26	S Óg Ó Tuama	Duanta Nollag bailithe ag
Cluineadh ceol ó chór aingil,	27	S. Óg Ó Tuama	[Duanta Nollag]
Codail a linbh, sa mhainséar go slán;	28	S. Óg Ó Tuama	[Duanta Nollag]
Coinnle an Linbh Íosa	29	Caoimhín Ó Cinnéide	Billeóg Nollag Dhún Chaoin 2007
Críost an solas	30	Siobhán Mullan	[Solas Cassette Beal Feirste]
Dé Bheatha-sa a Leibh	31		[Billeóg Nollag na Rinne]
Dia do bheatha idir asal	32	Cór Peadar Ó Riada	cass <i>Go mBeannaithear Duit</i> ; Go DD
		E.Ó Gallchobhair	cóiriú: Guth + pianó cúigearéad
Dia do bheatha a 'Naí anocht	33	Pétrí a bhailigh	<i>Dánta Dé</i> bailiúchán Úna Ní Ógáin
		Tomas Ó Coigligh	a chóirigh SSA [foilsithe]

Dia do bheatha a Naí anocht	34	Carúl na Nollag	[Billeóg leanaí Scoil Dhún Chaoin 2007]
Dia do bheatha 'Naí Naoimh	35	Seán Cassaide	[Aifreann na Nollag]
Dia do bheatha Naí Naoimh,	36	Aodh Mac Aingil	Tús; CC; CN
Ding Dong, Nollaig, buailigí,	37	É. Ó Gallchobhair	Coiriú SATD EÓG An Gúm
Do ghlanas mo chroi anocht	38	Seán Ó Brian	[Clogra Nollag Aist]; C12" <i>Tá Sé Beirthe</i>
Do Labhair na hAingil Ghlórmhar	39	Sr C.Ní Chonáin	[Tús] + <i>Carúil Nollag F</i> de Barra-Cusack
Do thuirling ós na bhflaithis	40	Br S.E. Ó Cearbhail	[Billeóg leanaí Scoil Dún Chaoin 2007]
Don oíche úd i mBeithil	41	S. Óg Ó Tuama	Aist ar <i>Tu Scendi Dalle St. N.</i> Alfonsus
Don Óiche Úd		É. Ó Gallchobhair	[Veritas]
Don oíche Úd		E. Ó Gallchobhair	Cóiriú: S1.S2.A.T.D ; RtéCL
Fada Liom do theacht	42		Cóiriú: SA - Carúil Nollag - FdeB-C
Fadó, Fadó I mBeithilín	43		Ceirín 12" <i>Aoibhinn do Theacht</i>
Fadó thiar i mBeithil 'sea rugadh ár Slán.	44	Seosamh Ó Maoláin	[Billeóg Nollag na Rinne]
Fáilte Roimh Íosa	45		[Fonn: <i>Uir Chill a Chreagáin</i>]
Fáilte romhat a Rí na nAingeal,	46		[Billeóg Nollag na Rinne]
Féach an leanbh Íosa.	47		[Veritas Hymnal]
Feach É sínte (Seol chughainn Síocháin)	48	Róisín Uí Choill	[Billeóg Scoil Dhún Chaoin 2007]
Gabh ar gcoimirce a choirp ghlan iosá	50	S. Óg Ó Tuama	<i>C12"</i> ; <i>Cass</i> ; <i>Aoibhinn do Theacht</i>
Gaoth bhog ag séideadh	51	Sr.Cholmcille Ní Chonáin	Tús ; <i>Carúil Nollag F.de B-C</i>
Gloir do Dhia sna hArda	52	M. Ní Dhuibhir	
Gluais an dis araon go Beithil;	53	S. Óg Ó Tuama	Tús; Carúil Nollag F.de B-C
I bhforaois na bhfeá bhí crann álainn	54		[<i>An Crann Nollag</i>]
I gCliabhán Cung na luí go humhal	55	T. Ó Sheaghda	Traid; Aist.
I mBeitheal thoir, fadó, fadó,	56		[Long time ago - Leanbhán Muire]
Ins an stábla lom is nocht	57		[Billeóg Aifreann na Nollag Béal Feirste]
Íosagán do tháinig chughainn	58	Piaras Ó hUiginn S.J.	[Tús Canaimis le Chéile]
Íosagán, Íosagán, Fall-dell-all	59	Clem	
Íosagáinín	60		[Billeóg Scoil Dhún Chaoin 2007]
Íosagán, oiltear liom am' dhiseart.	61	Sr.Cholmcille Ní Chonáin	[Tús]
Is chuadar siar (nó Caoineadh Muire)	62	A Oíche a rugadh Mac Dé	traid gan ainm CD F Ní Siochrú

Lá fadó i gcathair Dháibhí	63		
Lá Nollag Mór 'san Lá Geal	64	Do sheol 3 long	[Billeóg Scoil Dhún Chaoin 2007]
Le coinnle na nAingeal	65	M Mac an tSaoi.ceol	Seán Óg Tús; DN
Le croithe soilbhir seinnimid fáilte	66	S. Óg Ó Tuama	Tús; CC
Má thig Tú anocht	67	Tomas O Canainn	E. Ó Fagáin - BNBF; CD F Ní Siochrú
Mo Ghaol mo Ghrá 'gus m'éadáil thú	68	As Alba;	CC; CN; CD F.Ní S; CD Anúna 2002
Mo Mhac-sa, Mo Mhaoín	69	Máire Ní Dhuibhir	Tús
Moladh go hArd don Rí [Lauda Jerusalem]	70		Lauda Jerusalem]
Móradh duit a Rí na Cruinne,	71		
Móraimidne Rí na nDúl,	72		
Níor cruinníodh liomsa ór	73	Dán P. Mac Piarais	Ceirnín 12" <i>Aoibhinn do Theacht</i>
Nuair a Nocht an chéad Réalt	74	Dán Diarmuid Ó Riain	ceol + cóiriú le É. Ó Gallchobhair
O tagaidh a fhireana, Adeste	75	Úna Ní Ógáin	Dánta Dé
Ó Tagaigí uile is adhraigí [Carúl Inis Córthaidh]	76	Patrick Cummins	Billeóg Nollag na Rinne; Tús
Ó teanaig in éineacht, Adeste	77	Aistriú. Eile Danta Dé?	Billeóg Nollag na Rinne;
Oíche Chiúin,	78	Dubhghlás de hÍde, Franz Gruber	<i>Carúil Nollag</i> Fde B-C
Oíche Nollag Mór do Rugadh Íosa cóir	79	Mairéad Ní Ghrada,	Ceol + cóiriú SSATD le E. Ó Gallchobhair
Óir Féach Bheirim Scéala Mhaith Díbh	80	Ed Jones C.Ss.R	cóiriú SATD +orgán
Rann do Rinneas i Mo Chroí	81	P. Mac Piarais	
Rug Muire Mac do Dhia,	82	S. Óg Ó Tuama	An Chóisir Cheoil + Veritas Hymnal
Sa Mhainséar bheag shuarach	83		Billeóg Nollag Dún Chaoin
Sa stábla i gcéin	84	Away in a Manger	[Tír Chonail]
Sé do bheatha 'Naí naoimh	85		
Seacht gcéad déag míle fáilte,	86		Traid gan ainm CD Finola Ó Siochrú
Seacht Subhailcaí na Maighdine Muire	87	Nóirín Ní Riain	a chuir í I mbéil an phobail
[Seo] Leanbh an Áigh fonn traid Alba	88	Finola Ó Siochrú	
Síon is sneachta,	89	Sr Colmchille Ní Chonáin	Dán le P. Mac Piarais; Tús
Síóth, Athair an Aidh,	90	Liam Lawton	Aifreann Lazarian Naofa
Solas na Soilse	91	focail: traid	Cceol: Fin. Ó S; Veritas Hymnal,
Spréann ga Dóchas ins an spéir	92		
Tá craibhín chumhra	93		Tús

Tá Sé beirthe Naomh-Aon Dé!	94	Tadgh Ó Seagha	
Tabhair dúinn Síocháin	95	M.Ó Ceallacháin	Aifreann an tSíocháin
Tar, a dúirt siad liom A Drumadóirín	96		
Tar chughainn tar	97	Lil Nic Dhonnchadha	Carúil Nollag FdeB-C
Tar, Tar, tar chuig an mháinséar	98		[Come come to the manger]
Tháinig Dia chun Saol i gCró	99	Diarmuid Ó Riain file, Ceol T1, T2, D1, D2 le Éamonn Ó Gallchobhair	
Tháinig na saoihe i ndiaidh an Réiltín	100	Seán Óg Ó T.	Cóiriú EOG SSATD rtecl 3974
Tháinig Tú ar Talamh	101	San Alphonso de Liguori	Carúil Nollag FdeB-C
Tháinig Slua Aingil Anuas (Beirthe i Béathal	102	Seán Óg Ó T.	Cnuasach,; ceol: SATD le EÓG; RtéCL 3974
Thuit Drúcht Ó Neamh	103	Tadgh Ó Seagha	Carúil 6 Aist.
Tráth chuala Héród bhí laige 's gruaim air	104	S.Óg Ó Tuama	Canaimis le Céile
		S.Óg Ó Tuama	Cóiriú TD le EÓG <i>Carúil Nollag</i>
Uain Dé	105	Máire Ní Dhuibhir	Aifreann <i>Is Tú Mo Cheol</i>
Uain Dé	106	Máire Ní Dhuibhir	Aifreann Ceol na Mara

1 A Ard-Rí a tháinig chun Stábla

A Ard-Rí a tháinig chun stábla
lá Nollag go fuar,
'S do máthair ar fán 's gan aon áit
nach raibh cosc-tha go cruá,
Ofráilim gach crá croí 's gach an-ró
iompair lucht siúil,
An páiste gan scáth air 's an bhaisteach
ag doirteadh anuas.

A Cheardaí a shínigh gach Críostaí
le síocháin 's le grá,

'S gur sháraigh na mílte do dhlíthe
le fíoch is le hár,
Ofráilim gach íobairt 'rinn 'naoináin
a sciobadh chun báis,
Is a máithreacha 'caoineadh san oíche
gan faoiseamh le fáil.

A Mháistir 'ghlac trua ar na sluaite
bhí 'tarraingt 'do dhiaidh.
Ó tharla nach fluireach mo chnuasach
de shaibhreas an tsaoil.
Ofráilim go humhal duit
mo chúrsaí i gcaitheamh an lae;
Ach go bhféighidh mé a luach go buan
i bhflaitheas na naoimh.
[Fonn: Buachaill ón Eirne mé]

2 *An Adeste*

A cháirde is dílse

Taraigí go haerach,
Ó taraigí, taraigí go Bethlehem.
Féach ins an stábla
Rí na n-aingeal glórmhar
Céad moladh 's glóir don Tiarna
Céad moladh 's glóir don Tiarna
Céad moladh 's glóir don Tiarna,
Chríost Mac Dé.

Mac Dé go fíor É.
Solas mór an tsaoil É
Rugadh i mbroinn ghlan na Maighdine.
Mac Dé go fíor É,

Geineadh is nach ndearnadh.
Céad moladh 's glóir don Tiarna
Céad moladh 's glóir don Tiarna
Céad moladh 's glóir don Tiarna,
Chríost Mac Dé

[Leagann Tír Chonail]

3 *An Adeste*
A Chreidmhigh 'nois thriallaigh

Le lúcháir 'gus móráil
Go h-aoibhneach lonnmhar gluaisigh go Bethlehem
Go bhfeice-sibh an Ógh-Mhac
Rí na cruinne 's na glóire,

Ó míle moladh 's glóir Dhó!
Ó míle moladh 's glóir Dhó!
Ó míle moladh 's glóir Dhó!
An Tiar-na ár Rí!

Dia ina Dhiadhacht,
Dealradh solais ghlóire,
A geineadh a' mbroinn Mhaighdine glaine 's glé
Dia go cinnte
A geineadh ach nár cruthaíodh.
Ó míle moladh...

Tá guth binn na n-Aingil
Ag éirí anois go haerach
Tá ríochta na glóire le ceol binn fá gháir:
Glóir, glóir do Dhia
Os cionn gach ní 's gach duine.

Glóir, onóir 's moladh
Don Té inniu a rugadh,
Ó Íosa beirimid glóir dhuit anois is go brách,
A tháinig le do mhór ghrá
A ' saorú an chine dhaonna.

[Adeste - billeóg na Nollag Dhún Chaoin]

4

A Dhia na Nollag, a rugadh san oich'
gur iompar na réalt go geal chugat an lá;
Mar chaoin sholas dhil ar laethannta ár saol,
Ár mbreith go raibh de bharr ár mbáidh le híosa
an leanbh, an fear, is an Dia,
thug oidhreacht na saoirse ó'n stábla
chuig aoirí 'gus ríthe gur fógraíodh ós ard
ó lucht a pháirte ar thalamh síocháin.

A Dhia na Cásca, ar Aoine na Páise
Co ciúin ar ár son, gur fhulaing do bhás
Bás ár nDé, ár síor bheatha slán.
Saoirse iomlán de bharr a ghrá
Don aoire is don Ri, don Athair 's don Mhac
maithiúnas ár bpeaca tré phian na páise
Ó thaobh taobh na cruinne gur fógraíodh os ard
do lucht a pháirte ar thalamh síocháin.

A Dhia an Aifrinn, a Athair an Uain,
A d'íobraigh é féin anseo ar ár son,
Is beannaithe thú is naofa is Tiarna Ró-ard

Do shlánaigh ó'n mbás sinn, is do thug led' ghrá
Íosa, an Uain, aon Mhac Dé
Mar sholas na Réaltán ar an lá.
Ó'n láthair bheannaithe, fógair go hard
Do lucht a pháirte ar thalamh síocháin.
[Máire Ní Dhuibhir a chum]

5 **A Íosa Bhinn**

A Íosa bhinn, a linbh dhil,
Réalt na neimhe is ansa linn,
l'd luí taobh Muire do Mháth-ó
Ó deon do gabhaimid leat go deo.

Cór na naingeal ar ard san spéir
Áille neimhe san rae ar ard, ????
Tá aoibhneas mór ins' an oíche ciúin.
Is athas croí againn go buan.

A Mhuire chaoín, a Mháthair ó,
Guí chun Íosa orainn inniu,
Ar Pharrthas geal, i dTir na nGlóir,
Íosa linn go deo na ndeor.
[Billeóg na Nollag Gaeltacht na Rinne]

6

A leanbh ghil mhilis do tháinig ón bflaitheas anuas,
Chun scéala dea-mhéinn is síochána
do bhreith chugainn
Nach mór é an t-ionadh le rá Thú id'luí
Ins an bhfuacht
A's gur Tusa a Shlánuitheoir ghrámhar,

Tiarna na gCumhacht.

Féach orainn (muintir) na h-Eireann

A' teacht ós do chóir

Mar thángadar aingil is aoiri an oích' úd fadó;

Ó, molfaimid t-Ainm ró naofa a Dhia na Sló,

Agus béarfaimid leatsa ár mbuíochas

anois is go deo.

Go bhfóirirse orainn, a Íosa thug dóchas

don tsaol;

Impimid go h-umhal ort ár muintir do chosaint

ar bhaol;

Déan annsprid na deighilte do dhíbirt amach

uainn i gcéin

Is is gearr go mbeadh áitreabh ár sinnsear fé

ráth a's fé réim.

[Liam de Noraidh a chum]

7

Canann Cór na nAingil mBinn

“Glóir go deo do Mhac an Rí”

Síocháin sách is sonas síor

D'fhiréin chóra 's lucht aithrí.

Bród is gairdeas croí ar chách.

Cantar molta Chríost go hard,

Gabhaim páirt le Cór na Naoimh,

Rugadh Slánaitheoir an t-saoil.

Canann Cór na nAingel mbinn

“Glóir go deo do Mhac an Rí”.

Adhraidh slóite flaitheis Dé,
Críost na glóire, Rí na Naoimh,
Mainséar dearóil a chliabhán féin
Ar shaolú Dhó as broinn na mná,
Siúd i gclí chruth daonna É,
Naíonán bídeach bheith lag faon.
Móradh 's adhradh Dhó go brách,
Críost an Slánaitheoir gan cháim.
Canann Cór na nAingil mbinn
“Glóir go deo do Mhac an Rí”.

[adapt an fonn Carlos Sweetly Carlos??]

8

A Mhuire 'tá lán de thuile na ngrás,
Tá an Tiarna, a ghrá maille leat;
Is beannaithe thú sna flaithe idir mná,
Is beannaithe d'Ard-Mhac Íosa.
Is taitneamhach an radharc toradh do bhroinn,
Íosa, á roinn eadrainn;
Anois agus riamh, 's in am ár bpian,
Go raibh tú, a Dhia, a' seasamh dúinn.

9

A phobail 'tá ag féile Chríost
Cuimhnimis go beacht 's fo cruinn
Ar dhein ár n-Athair go fial dúinn
A Aonmhac dilis do sheoladh chugainn

Le Muire naofa guímid
Chun Dia le cionn ar fhéile Chríost;
I mBeithil úd an oíche fhuar
Gur rugadh dúinn ár Slánaitheor.

An oíche roimh an eachtra úd.
An Mhaighdean uasal mhór faoi bhrón,
Le Iósef séimh anon 's anall
Ag lorg Ióistin oíche dhóibh,
Ó éirigí ar chual' an scéal,
Do ruaigeadh iad an bheirt araon,
Go bhfuair said scáth ón oích' monuar,
Ar thaobh an chnoic i gcró bocht fuar.
[Carúil Loch Gharmain]

10 *Suantraí na Maighdine*

Adhram mo Leanbh Beag tagtha chun saol;
Codail a linibh go sámh.
Adhram a laige 's a loime nocht fhaon;
Codail a linibh go sámh.
Inis a ghrá liom id' luí sa mháinséar,
Inis cén fáth duit bheith sínte sa bhféar.
Is tú coimhde na ngrásta 'gus Íosa Mhac Dé;
Codail a linibh sámh

A Mhuire, a Mháthair 's a bhuime mhín tséimh;
Codail a linibh go sámh.
Is tú coimhde na ngrásta 'gus Íosa Mac Dé;
Codail a Linibh go sámh.
Ach go beo-bhocht le mian do tháinig ar an saol,
Chun deoraithe fánacha a shaoradh ón éag.
"S nuair a chrochfar in airde mé leigheasfar a bpian."

Codail a linibh go sámh.
Ver.Hy. S.Óg.

11 *Ailliliú ó Íosa!*

Aililiú ó Íosa! Ailliliú 's Tú mo Leanbh!
Aililiú ó Íosa! 's Tú Rí geal na bhFlaitheas!

12

An chéad gairm Noel

Do chan Aingeal Dé
Do chan sé do maoir bocht
! gcúram a dtréad
I gcúram a dtréad
Ar na bántaibh fán tsíon
San oíche fuar Geimhridh
Go dearóil gan díon
Noel, Noel, Noel, Noel,
Saoluódh díbh Rí Israel.

Do tharraing an réalt
Ar an gceard thiar ó thuaidh
Go bhfacthas sa deire
Gur stad sé sa tsiúl
Os cionn Cathair Dáibhí
Is gur fhan d'oíche is ló
Ag foillsiú na h-áite 'nár
rugadh an Rí Óg

Noel & rí.

[Ais ag Tadhg Ó Seadha Ciarraí, Ros a Mhíl]

13

An Chéad Noel ós na hAingil sa Spéir

Siad na haoirí a chuala é ar chliathán an tslé[ibhe]
Ar chliathán an tslé[ibhe] fé chruatan 's anró
Mar a rabhadar ag aoireach an oíche úd fadó.
Noel, Noel, Noel, Noel, fearaimimid fáilte roimh Rí Israel.

'Sea dhearcadar sa spéir 'measc na réalt is na néal
Insan oirthear-geal-neamhrach an solas fé sheol
An solas fé sheol gan stad gan chonaí,
Is do lean ar a gheal-thuras de ló is de oích'.
Noel, Noel, Noel, Noel, fearaimid fáilte roimh Rís Israel.
[Billeóg na Nollag Paróiste 'n Fheirtéaraigh]

14

An chéad Nollaig tháinig aingle Dé

Le scéala chuig tréadaí i ndeireadh an lae,
A gcuid caoirigh agus uain ina luí ar an bhféir
Sneachta ar na conic agus sion ins an spéir.
Nowell, Nowell,
Rugadh Críost, Rí Israel.

Nuair a d'fhéach siad suas bhí réalt ins an spéir,
Agus é ag soirsiú fríd an aer,
Agus do an domhan thug sé solas breá,

Agus mair an solas ar feadh oíche 's lá
Nowell Nowell
Rugadh Críost, Rí Israel
[Nowell Tír Conaill]

15

An Craobhín Chumhra eiríos

As bunadh caoin aníos,
Amhail chan analód fáigí,
De phóir-sliocht Jesse í;
Is thug an chraoibhín séimh
I lár an gheimhridh bláithín
Um uair mheán-oíche féin.

And chraobhín chumhra buíochais
Do chan Ésaías fáigh
'Sí Muire ógh gan tíol í
Do thug dúinn féin an bláth.
De dheóin síor-chomhairle Dé
Do rug a h-Aon-ghein linbh
'S is ógh í fós gan bhéim.
[Carúil Nollag 4 .aist. ag T. Ó Sheadha].

16

An eol duit a Mhuire

Cá raghair i mbliana
Ag iarraidh fascaidh
Do d' Leanbh Naofa,
Trátha bhfuil gach doras
Dúnta ina éadan
Ag fuath is uabhar
An chine dhaonna?

Deonaigh glacadh
le cuireadh uaimse
Go hoileán mara
San iarthar chianda:
Beidh coinnle geala
I ngach fuinneoig lasta
Is tine mhóna
Ar theallach adhanta

Dán de chuid Mairtín Ó Direáin.

[Fonn eile Glory O to the bold Fenian Men]

17

**“An mBeadh Lóistín na hOíche
le fail anseo?”**

Arsa Seosamh le fear a’ tí.

“O táimid lán go doras,” ars an fear.

“Níl fiú áit chun suí.

Ach tá stábla agam thíos an bóthar

Dos na hasail is do na beithigh.

Geobhaidh sibh fothaint a ghlacadh

Sa stábla sin,

Tá mainséar ann is tuí.”

Ghlacadar fothaint ansan ón gaoth.

I rith na hóiche rugadh leanbh do Mhuire,

Íosa Chríost, Mac Dé

Dán ar bhilleóg na Nollag Gaeltacht na Rinne

18

An Oíche Úd, an oíche úd i mBeithil,

Nuair a tháinig Íosa ár rí ar an saol;
Dorcha an domhan le peacaí ár sinsear
Gur sháraigh Íosa, ár rí an saol,
Le dóchas lán tá croí an domhain ar lasadh.
Mar seo an lá a bhí le teacht riamh.
Síos ar bhur nglúin
Ó éist le cór na nAingeal
Ó Oíche Chríost! Ó Oíche rugadh mac Mhuire
Ó Oíche Chríost, ó Oíche Chríost, Ó Oíche Chríost.
[Aist. le Éamonn Ó Faogáin.]

19

Aoibhneas don domhan, tá'n Tiarna linn,
fáiltigí roimh an Rí.

Ullmhaigí bhur gcroí, socraigí bhur n-anam,
Na flaithis gheal líonta le ceol, na flaithis geal líona le ceol,
Na flaithis, na flaithis líonta le ceol.

Glóir do Dhia, an Rí I bhfeidhm,
ó canaigí go hard.

Na habhainn, na goirt, na sléibhte, cnoic is coillte,
Ag fógairt bhreith an Ríh, ag fógairt bhreith an Rí.
Ag fógairt, ag fógairt breith an Rí.

Rialaíonn Sé an domhan iomlán, sinne a shearbhóntaí.
A ghlóir is a Ríocht atá mar ionadh agus ábhar ghrá,
Do mhuintir an domhain iomláin, do mhuintir an domhain iomláin,
Do mhuintir, do mhuintir an domhain iomláin.
[Joy to the World Aistriúchán le Seán Ó Briain]

20

Féach, an Rós

Ar Phréabhacha Lag' Caola tá caoinrós ag fás.

Na fáithe an Rós seo d'fhógair, á mbua ar an mbás.
An Rós sa Gheimhreadh fuar;
An bláithín óg, deas, álainn ag neartú ó uair go huair.

'Sé Dia an Rós Nollag a d'fhógair Íseáia, fáidh.
Is Muire, Máthair Íosa, an Mhaighdean Bheannaithe,
An Leanbh óg sa mhainséar,
An bláth ó Ghairdín Pharthais a shaor sinn go léir.

A Bhaithín Óig na bhFlaitheas, cumhracht Do Naofachta (o)'rainn.
Ó Molaimís Do ríogacht, toradh Do naofachta sinn,
A Fhíor-Dhia, 'Rí na bhFlaitheas,
A Róis, a Bhlaith na Nollag, tabhair dúinn grá is sólás.
[Behold a Rose of Judah Aist. le Seán Ó Briain]

21

B'fhada linn do theacht,
B'fhada linn do theacht
Ár mbuíochas leat go deo.
A Íosa codail go sámh

Céad míle fáilte a stór mo chroí
Céad míle fáilte a Ghrá
Céad míle fáilte a rún id' luí
A Íosa codail go sámh.

Gló-ó-ó-ó-ria
In ex-cel-sis Deo
Et in terra pax hominibus
Is ar talamh síocháin do cách.

22

Bhí Íosa sa mhainéar i dtír fad i gcéin
Bhí bó agus asal ag iníor dóibh féin,
Ag féachtaint anuas bhí réaltaí na spéire
Ar an leanbh do dhíol as ár bpeacaí go daor

Nuair a dhúisigh an Nainán
le geimneach na mbó
Ár dTiarna beag Íosa níor ghol sé sa chró.
Anseo ar mo ghlúna is tú i do luí,
Is duitsa a Íosa ofráilim mo chroí

Bí liomsa a Íosa, ó iarraim ort é,
Im ghoire leat choíche gach lá dem shaol.
O bheannaigh do páistí féd chúram ró-shéamh
Chun go mbfiú sinn do thearman
i bParrthas na Naoimh.
[Away in a manger Billeóg na Nollag An Rinn]

23

Canann Cór na nAingil mBinn
“Glóir go deo do Mhac an Rí”
Síocháin sách is sonas síor
D’fhiréin chóra ‘s lucht aithrí.
Bród is gairdeas croí ar chách.
Cantar molta Chríost go hard,
Gabhaim páirt le Cór na Naoimh,
Rugadh Slánaitheoir an t-saoil.
Canann Cór na nAingil mbinn
“Glóir go deo do Mhac an Rí”.

Adhraidh slóite flaitheis Dé,
Críost na glóire, Rí na Naoimh,
Mainséar dearóil a chliabhán féin
Ar shaolú Dhó as broinn na mná,
Siúd i gclí chruth daonna É,
Naíonán bídeach bheith lag faon.
Móradh 's adhradh Dhó go brách,
Críost an Slánaitheoir gan cháim.
Canann Cór na nAingil mbinn
“Glóir go deo do Mhac an Rí”.

[adapt an fonn Carlos Sweetly Carlos]

24

Céad Fáilte Romhat a Linbh

a rugadh dúinn sa stábla.

Céad fáilte romhat a Linbh

a gineadh sa Mhárta.

Céad míle moladh leat,

'Aoin Mhic Mháire,

Is Dia beatha do shláinte, m.....

Dia do bheatha idir asal is clamh gan riar,

Is dia do bheatha, id leanbh,

id Fhlaithe fan chiach.

Is dia do bheatha ,

íd Fhlaitheais go teach na bhian -

Is dia do bheatha-sa,

'id' Athair, id' Mhac, id' Dhia.

[Ceol le Pat Ahern SATD] In coelo

25

Chuaigh Muire thríd an Droigneachch Críon

Kyrie Elison

Chuaigh Muire thríd an droighneach críon
Bhí an feódh gan duilleóg ghlas seacht mbliain,
Íosa agus Muire.

Céard d'iompar Muire fá na croí?

Kyrie elison.

A Páistín féin gan cháim gan díth
A d'iompar Muire fána croí.
Íosa agus Muire.

Ach siúd an droighneach críon faoi bhláth.

Kyrie Elison.

'S an Naíonán Naoimh dhá iompar ann
Do las an droighean faoi mhaise bláth.
Íosa agus Muire.

[Carúil Nollag 5. Aist ag Tadhgh Ó S]

26

Chugainn do seoladh teachtaire Dé

Rún thar meon á nochtadh don saol.

Sluaite ceoil do chan ins an spéir

"Glóire do Dhia sna harda."

Aoiri bochta' fiar ar a dtréad,

B'iad ar dtús a chuala 'n dea-scéal,

Rith le fonn go bhfuair an mainséar

Is thug moladh do Dhia sna hárda.

Uaimh gan aird ab áras don Ri.
Umhal a stáid san easair 'na lui,
Crua a chás gan fothain ón ngaith,
Glóire do Dhia sna hárda.
Muire 'mháthair, maighdean gan teimheal.
Ioseph mánla 's ionadh ina chroi,
Teaghlach neamhai 'gcró na mbeithíoch,
Moladh le Dia sna hárda.

Dia 'na dhuine tháinig 'nár measc,
Soilse Dé ón stábla do leath,
Crioich le réim an áirseor' a theacht,
Glóire do Dhia sna hárda.
Fáilte romhat a Sholais an tSaoil,
'Aonmhic ghlórmhair an Athar shíoraí,
Tú ár dtreoir, ár mbeatha 's ár sli,
Moladh de shíor is de ghnáth leat.
[Eamonn Gallchobhair a chum and ceol,
Diarmuid Ó Riain an file]

27

Cluineadh ceol ó chór aingil,

Cluineadh ceol ó chór aingil,
Siamsa ceoil go glóradh binn;
Bhi gach áird, gach má, gach sliabh
Líonta lán de ghairdeas Chríost,
Gloria in excelsis Deo (2)

Céard faoi ndear bhur ngairdeas croi?

Céard is ábhar áthais daoibh?
Ligigí an scéal liom, 'aoirí
Mar do craoladh é ó Dhia. Gloria

Triall ar Bheitheal, triall go dian
Triall go bhfeicir Dia 'na Naoin
Triall in éineacht linn gan mhoill,
Triall go n-ádhraimis an Críost. Gloria.

28

Codail a linbh, sa Mháinséar go slán;
I gcró bheag an Asail, Ó codail go sámh.
Seoithín is seoithín a bhláth.

Codail a linbh, Chím scamall is scáth
O chró-Chrois an Chéasta Anuas ar mo Ghrá,
Seoithín is seoithín gan crá.

Ach fáiscfead lem' chroi thú Ad' chúhdach ón
namhaid
Codail a Naoi liom Gan dúiseacht go lá.
Seoithín is seoithín go slán.

29

Coinnle an Linbh Íosa

Tá coinnle an Linbh Íosa ag soillsiú 'nár dtreo.
I bhfuinneogín aolteach fanfaidh Muire go ló.
Seo Féile na Saoithe, na mbocht, is na mbrón,
Seo aobhneas 'nár gcroíthe, seo síocháin is só.

Cloigíní binne san oíche do chling
Féiríní aoibhne na Nollag dá roinnt
Ceolta cruit síomhar ag aingil dá seinnt
I mainséar den tuí bhuí tá Íosa go doimhin.

Seo Féile an Rí bhig, seo Féile 'bheidh buan,
A sheas tríd na hAoiseanna 's go lá lom an Luain.
Guím Nollaig dheas aoibhinn gach sí agus suan
Ar chairde mo chroíse go sroisfidh siad cuan.

30

Críost an solas

Críost an solas, solas an domhain
'Sé Críost an solas, solas an domhan [arís eile]
Solas Dé, solas an domhain
Solas geal na ndaoine. [arís eile]

31

Dé Bheatha-sa a Leinbh L na Rinne

A geineadh sa Mhárta,
Dé bheatha-sa a Leinbh a rugadh sa stábla,
Aon-Mhic Mháire,
Céad míle moladh leat-sa
Is dé do bheatha ad' shláinte.

32

Dia do bheatha idir asal is dámh gan riar

Is Dia do bheathsa id leanbh id' Fhlaith id' Thriath,
Is Dia do bheathsa od' fhlaithneas go teach na bpian,
Is Dia do bheatha ad' Athair, ad' Mhac, ad' Dhia.
[Duanta nollag sean og feach peadar o riada fonn]

33 Dia do bheatha a 'Naí anocht

Do ghabh id Dhiagacht daonnacht
dár saoradh, a chnú chroí,
a bhrú mhaoth-ghlan Maighdine.

'Nocht dob íseal d'ár bhFlaith
I gcró chúng an asail
Mo chean le'r tháinig dá thoil,
D'ár fhágaibh Neamh um Nollaig.

Gaol is grá, tróc're is toil
le dtug Dia a Mhac dá mhalairt
Dár ndíon ar hcathair na gciach
A Rí, is Athair, 's is Aoin Dia
[An-arsa, Pétrí a bhailigh,
DD Úna ní Ógáin Carúil Nollag F.deB-C]

34

Dia do bheatha 'Naí anocht,
do ghabh id' dhiagacht daonnacht,
dár saoradh, a chnú chroí,
a bhrú mhaoth-ghlan Maighdine.

Íseal ann do bhi ár bhFlaith
I gcró cumhang an asail;

Fáilte roimh a theacht dá thoil
Nuair d'fhág Sé neamh um Nollaig.

Tréna thoil, a thrua 's a ghean
Thug Dia a Mhac 'n fhírfhear,
Dár gcosaint ó ghleann na gciach,
A Rí, is Athair, is Aon-Dia.

35

Dia do bheatha 'Naí Naoimh,

Sa mainséar cé taoi bocht.
Meidhreach saibhir atá Tú
Is glórmhar id' dhún anocht.

Ar neamh riamh gan mháthair duit,
Gan athair 'nár gcrích anocht,
I t'Fhíor-Dhia 'riamh atá Tú
Is id dhuine ar dtús anois.

Sé do bheatha, a Íosa arís
Sé do bheatha i gclí an Óigh.
A Ghnúis is áille 'ná an ghrian
Na mílte fáilte, id' Dhia óig

A Mhuire, a Mháthair óg,
Oscail doras an chró dhomh,
Go n-adhrad Ard-Rí na ndúl;
Nach córa dhuinn 'ná do dhamh?

Míle fáilte anocht i gclí
Le mo chroí dom Rí fhial,

I n-ár nádúir ó do chuaigh,
Póg is fáilte uaim do Dhia.

Duanta nollag sean og o t

Dia bheatha a nai naoimh le sean o casaide

[Aifreann Sean Ó Casaide]

36

Dia do bheatha Naí Naoimh,

Sa mainséar cé taoi bocht.

Meidhreach saibhir atá Tú

Is glórmhar id' dhún anocht.

A Naí bhig atá mór,

a leabháin atá sean

San mainséar ní chuire a lán

Agus cé nach bhfagha áit ar neamh.

Dia do bheatha a Íosa arís.

Dia do bheatha i gclí ón Óigh,

A Ghnúis is áille ná an ghrian,

Na mílte fáilte id Dhia óg

[Aodh Mac Aingil OFM]

Do bhéar uisce liom go moch,

Scuabad urlár bocht Mhic Dé,

Do ghéan tine in anam fhuar

'S tréigfead tré dhúthracht mo chorp claon

A Phádraig on ón leanbhsa fuair

Bachall Íosa mar bhuidh grás

A ghein gan damblas id chlí
'S a Bhríd, bí liom de ghnáth
[Ceol eile? Agus focla ó Aif Sean O Casaide]

37 ***Clogra Nollag***
Ding Dong, Nollaig, buailigí,
fógraigí an scéal, Íosa an Rí.

Fógraimís an teachtaireacht bhreá
fáilte romhat a Thiarna.

Éist! an clogra, i ngar 's i gcéin,
teacht an bhreithlae, Íosa an Naíomh

Scaipigí an nuacht ar óg is sean,
Insigí do chách, Íesú 'tá ann.

Ding dong nag clog, ard ins an spéir
Bhur dteachttaireacht bhinn, líonaigí an spéir.

Cruinigí ann 'gus éist leis an gceol.
Dea-scéal don Domhan, Noel, Noel.

Ding dong, Nollaig, áthas is grá,
teacht an Rí, seo é an lá.

Ding dong Nollaig buailigí,
fógraigí an scéal, Íosa an Rí.
Aist ag sean o briain

38

Do ghlanas mo Chroí Anocht

Amhail mhnaoi a' glanafadh a teach,
Roimh theacht dá leannán dá fios.
A leannán ná téirigh thart.

Do leathas doras mo chroí
Amhail fhear a dhéanfadh fleá
Ar theacht i gcéin dá mhac.
A Mhic, is álainn do theacht.
[Dán: P. Mac Piarais. Fonn: Sr Colmcille. Ní Chónáin]

39

Do Labhair na hAingil Ghlórmhar

Le Seosamh ar an slí,
'Anocht I láar na hoíche
A saolófar Íosa Críost.

Ní sínte istigh ui gcaisleán,
Ná istigh I bpálás mór,
Ná in aon saghas áit ghalánta,
Ach sínte I mbothán bó.
Ní gl'east amach go néata,
I síoda n'a I sról,
Ach I léine comónta,
Mar a dhein a mháthair dó.

Ní bhogfar é I gliabhán,
In airgid ná in ór,
Ach I mbosca adhmaid,
Mar a dhein a athair dó.

Ní bhaistfear le bainne bó é,
Ná fós le fíon ón Spáinn,
Ach le huisce glé-gheal,
Ón dtobar I mBiotáin.
[Billeóg Leannaí Scoil Dhún Chaoin 2007]

40 *Tu scendi dale stella*
Do thuirling ós na bhflaithis

Rí mór ríocht na ndúl
Do tháinig chugainn i stábla
É préachta leis an bhfuacht.
Do tháinig chugainn i stabla
É préachta leis an bhfuacht.

Ó, a Íosa, Linbhín míonla,
Ó a Dhia id luí sa bhféar
Ó Naoináinín ó
Cé daor an luach a dhíol tú
Le grá don domhan go léir
Cé daor an luach a dhíol tú
Le grá don domhan go léir.

Tú féin, cé leat na spéartha
Gach ré is réilteann mhór
Féach Tú fuar is ocrach
A Dhia mo Shlánaitheoir.
Féach, tú fuar is ocrach
A Dhia, mo Shánaitheoir.

A Linbhín dhílis, A Linbhín bhídigh,

Cé chomh h-íseal, cé chomh bocht,
Cad í mar íobairt!
De bhrí gur ghráigh tú daoine
Is caoile do chuid anocht.
De bhrí gur ghráigh tú daoine
Is caoile do chuid anocht.

*[Aistriúchán leis An mBr S.E Ó Cearbhaill ar Tu scendi
dale stella [Duan Nollag le Naomh Alphonso Liguori ón 18 aois]*

41

Don oíche úd i mBeithil,
beidh tagairt ar ghrian go brách,
Don oíche úd i mBeithil,
go dtáinig an Briathar slán;
Tá grios grua ar spéartha
's an talamh 'na chlúdach bán;
Féach Íosagán sa chléibhín,
's an Mhaighdean a Dhiúl le grá.

Ar leacan lom an tsléibhe
go nglacann na haoirí scáth
Nuair in oscailt gheal na spéire
tá teachtaire Dé ar fáil;
Céad glóire anois don Athair
i bhFlaitheas thuas go h-ard!
Is feasta fós ar talamh
d'fheara dea-mhéin 'síocháin!

42

Fada Liom do theacht

Fada liom do theacht,

A shean-eachlaigh Dé,
A chara na gcarad,
Dom scaradh lem phéin
Fada liom do theacht
A shean-eachlaigh Dé.

A shiolla ar an ngaoth,
A choiséim nach trom,
A láimh sa dorcheacht,
Bhur dteacht is fada liom,
Fada liom do theacht,
A shean-eachlaigh Dé.

43

Fadó, Fadó I mBeithilín

Deir a' Bíobla is creidigí,
Rugadh naíonán Íosa Críost do Mhuire um Nollag

Éistigh anois le h-Aingeal Dé:
"Inniu rugadh Rí uilig,
Is mairfimid go deo na ndeor
Mar gheall ar an Nollaig.

Bhí aoirí ag faire a dtréada ann,
Chonaic siad réalt nua lonrach glé
Chuala siad an ceol álainn
Ag teacht ó i bhfad i gcéin.

An oíche sin thánaig Seosamh
'S Muire bheith gan smál
Ní bhfaighidís áit ina mbeirtí naíon
Ní raibh aíocht ar bith le fáil.

Ar ball do fuair siad áitín chiúin
I stábla uaigneach ann,
Agus ins an mainséar rugadh É
Mac Muire, Rí an Domhain.

44

Fadó thiar i mBeithil ‘sea rugadh ár Slánaitheoir,
Ard Rí na cruinne, Céad moladh ‘s na mílte glóir
Féach sa mhainséar An leanbh is áille gnaoi,
Fearaim fáilte is fiche Roimh Íosagán ina luí sa tuí.

Bí gach doras dúnta Agus doicheall i lár gach croí,
Fáilte is féile, ní raibh rompu, ‘S iad faon gan bhrí.
A Linbh ghil mhilis, Ár gcuireadh, ó ghlac se uainn,
Tar chugainn um Nollaig, Um Nollaig tairse chugainn.

Trí Rithe ón Domhan Thoir Ag taisteal de ló is d’oích’;
Lean’ an Réalt Eolais Bhí ag soillsiú ar feadh na slí,
Gur sroich siad an stábla, Agus d’umhlaigh do Chríost bhí ann;
Bhronn miorr, túis is ór buí, Ar Íosagán, Ard-rí an domhain.

Dé do bheatha-sa, a Mhuire, Dé do bheatha-sa, a loiseaf lách.
Thug chugainn um Nollaig An leanbh a shlánaigh cách;
A Theaghlaigh Ró-naofa Mhair i mBeithil faoi fhíor-shíocháin –
Síocháin dáil orainn, ‘S beannaigh sinn, a Íosagán.

[S.Ó Maoláin muinteor bunscoile i nDún Laoghaoire fonn Úir Chill a Chreagáin]

45

Fáilte roimh Íosa
A Íosa bhinn, a Linbh dhil,

Réalt na Neimhe is ansa linn
Id' luí taobh Mhuire do Mháthair –ó,
Ó deon go rabhaimid leat go deo

Cor na nAingil ar ard san spéir,
Áille neimhe san rae ar ard,
Tá aoibhneas mór ins' an oíche ciúin,
Is áthas croí againn go buan.

A Mhuire chaoin, a Mháthair- o,
Gúí chun Íosa orainn inniu,
Ar Pharthas geal, i dTír na nGlóir
Íosa linn go deo na ndeor.
[Foinn: *Traid Pé in Éirinn Í + A Íosa Bháin - Ó Riada*]

46

Fáilte romhat a Rí na nAingeal,
T'reis do ghlactha a choirp an Rí.
Fáilte romhat a Rí na bhflaitheas,
Fóir a Rí gach duine dín.
Glóir don Athair don Mhac 's don naomh Sprid,
Glóir go deo is moladh síor.

Dia do bheatha, a Thiarna Dia,
Dia is duine thú, a Íosa Chríost;
Dia do bheatha, a bhláth is gile,
Tusa beatha chách go fíor. Glóir...

Dia do bheatha, 'bhlath na lile,
'Aon Mhic Mhuire, a ghin gan smál;

Dia do bheatha, 'chroí is glaine,
D'fhuascail sinn led chrois 's led pháis. Glóir....

47 Féach an Leanbh Íosa.

Ó Féach an leanbh Íosa,
Sa mhainséar ina luí,
Tá Muire agus Seosaimh,
Agus na leannaí ag guí.

Sneachta ar an dtalamh,
Agus réiltíní sa spéir,
Is an leainbhín álainn,
Ina chodhladh go séimh.

[Billeóg Leannaí Scoil Dhún Chaoin 2007]

48 Seol Chughainn Síocháin

Féach É sinte an leanbhán dílis, Alleluia!

'Na luí ar an dtuí go ciúin san Oíche, Alleluia!

Tá Muire 'gus Iósef 'stigh sa chró Leis, AlleluiaA
Agus dar ndóigh tá an t-asal 's an bhó ann Alleluia!

“Gloria in excelsis Deo, Alleluia!

A chanann na haingil ag móradh Dé dóibh, Alleluia!

Beannaigh sinn a Íosagáin, Alleluia!

Seol ó Bheithil chughainn síocháin, Alleluia.

50

Gabh ar gcoimirce a choirp ghlan Íosa
abhlainn naofa is mo maoin,
saor ar gcroi ó chionn na bpeacai.
aoibhinn do theacht a Thiarna chaoin.

51

Gaoth bhog ag séideadh

Gaoth bhog ag séideadh,
trí chrainn ológ
Timpeall ar Bheithil, fadó fadó.
Caoraigh ar leirg sléibhe
faoi ghealach óir,
Aoiri ag faire ann fadó fadó.

52

Glóir do Dhia, Glóir do Dhia,
glóir do Dhia naofa.
Glóir don Athair, glóir don Mhac
is trócaire an Spioraid Naoimh againn
Céad glóir don Réalt Eolais:
'sí Máthair Íosa.
Glóir don Rí a d'iompar an chrois
a shabháil an cine daonna

A Mhaighdean bheannaithe,

a Bhanríon na trócaire,
is leatsa ním mo chasaid maidin nó tráthnóna.
Glóir do Dhia, Glóir do Dhia,
glóir do Dhia naofa.
Glóir don Athair, glóir don Mhac
is trócaire an Spioraid Naoimh againn
Céad glóir don Réalt Eolais:
'sí Máthair Íosa.
Glóir don Rí a d'iompar an chrois
a shabháil an cine daonna

A Mhaighdean bheannaithe,
a Bhanríon na trócaire,
is leatsa ním mo chasaid maidin nó tráthnóna.
Múin dom an bealach, cuir mé ar an eolas
go tobar na n-athrí go seilbh na deora
is go dté mé go na Flaithis ag feitheamh na glóire.
Glóir do Dhia sna harda. Alleluia, alleluia.
m.ni dhuibhir

53

Gluais an Dís araon go Beithil;
Seosamh naofa a's am Mhaighdean deid gheal
Diúltaíodh iad gach áit fá lóistín mar bhí siad bocht
sa mbaile mór sin
Shiúl siad suas an anuas gur tharla don lanuin
truaigh go bhfuair siad stabla
Chuaig isteach an bhanríon naofa
'gus ins an ionad sin do rugadh Íosa.
Glóire do dhia ins na harda.

Tháinig slua aingeal anuas le séala
go dtáinig an Mac thuill gean-shíol Éabha
Ní do lucht ór nó stór nó síoda
Ach do lucht faire bhií coimead a dtréadanna
"A dhaoine bhoicht," ars an t-aingeal glórmhar
Geobhaidh sibh beirthe i mBeitheil i stábla
an leanbh a d'oscail díbh geataí na ngrásta."

Tháinig tríí rí o éirí na gréine
Chun fáilte a chur roimhe le treoraí réalta.
Ór túis agus miorr.....rinne siad d'iompar,
Bronnar ar...rí..na cruinne...sa mháinséar
Le cruthu gur Rí.....
Le dearbhu gur glan ina mhein e.

53a

Gluais an dís araon go Beithil;

2 bhéarsa as DDD

Gluais an dís araon go Beithil
Iosaf naofa 's an Mhaighdean ghlégeal
Diúltadh iad gach áit fá loistín
Mar bhí siad bocht sa mbaile mór sin

Alleluia, alleluia, alleluia, alleluia.

Shiúl siad suas 's anuas gur tharla
Don lánúin trua go bhfuair siad stábla
Chuaig isteach an bhanríon naofa
'gus ins an ionad sin do rugadh Íosa.
Glóire do dhia ins na háirda. Alleluia.

Thainig slua aingeal anuas le scéala

Go dtáinig an Mac thuill gean-shíol Éabha
Ní do lucht ór nó stóir nó síoda
Ach do lucht faire bhí coimead a dtréadanna. Alleluia.

“A dhaoine bhochta” ars’ an t-aingeal glórmhar,
“Má tá sibh gan caraid is saibhir bhur bhfomhar.
Geobhaidh sibh beirthe É i mBeitheil i stábla
An leanbh a d’oscail díbh geataí na ngrásta
 alleluia

Thainig trí Rí ó éirí na gréine
Chun fáilte a chur roimhe le treorú réalta
Trí séada scéimheacha ‘rinne siad d’iompar
Le bronnadh ar shonas na cruinne sa mhainsear

Ór le cruthú gur Rí ba tréine É,
Miorr le dearbhú gur glan ina mhéinn É,
Túis le cruthú dá ndéantaí
Go mairfideadh a cholann gan cáim go síoraí.

Curfa Glóir do Dhia sna harda = leagann Sean og
Leagann eile Dia bheatha a nai naoimh le sean o casaide

54 An Crann Nollag

I bhforaois na bhfeá bhí crann álainn breá
 a d’fhás i dTír na Sí.
Tháinig an Geimhreadh ‘gus shéid an ghaoth
 trasna na mbánta, thar riasc is sliabh.
Minic le clos bhíodh gáire páistí
 ar foluainn san aer go binn,
Thuig an crann óg glas aoibhneas na Nollag

ag síothlú i measc na gcraobh.’
“Ó tar anseo, fiú neomaitín,
féach orm, a pháistí, anseo faoin ngrian,
Nár dheas an rud dá mbeinnse
im’ chrann Nollag”?

Oíche breá bhéar, réiltíní sa spéir,
sneachta ‘na luí go tiubh,
Sheas sé go ciúin is mian ‘na chroí,
bheith ‘na chrann Nollag, b’shin a ghuí/
Ansin a tháinig ón bhforaois ‘na thimpeall
a glór a chur ceol ar a chroí..
Cloig charr sleamhnáin ag bualadh
‘s ag bualadh ag teacht níos congaraí.
Ó nach bródúil anois a chás,
os comhair a sheas San Niocalas
Ag fiarfraí ar mhaith leis bheith mar chrann Nollag (ai)’ge.

Anois tá sé gléasta, gléasta go hálainn,
an crann Nollag is fearr.
Gléasta le soilse ildaite,
féiríní de gach saghas aige.
Ó fan go bhfeicfidh na páistí an stór seo,
acu a bheidh an spórt.
An crann go hálainn, a ghéaga mar sheoda,
feisteas de gach sórt.
Dúirt Santa le Banríon na Sí,
“Fuair ár gcara óg a ghuí,
Ó nach áluinn an crann Nollag é”
Crann Nollag álainn, Crann Nollag álainn é.
Aist Seán Ó Briain

55

I gcliabhán cuang 'na luí go humhal
Tá Páistín aoibhinn séimh,
Tá gile (A) shnuadha 'na soillse bua,
'Gus Páistin soillseach séimh.

An Leabh lách 'n A luí go tláth.
'Sé Críost Ár dTiarna É;
Is É bheir síoth 'gus éirí croí,
O téimis faoi nA dhéin;
'Sé Croí na féile É.

An Té ar mian leis Íosa caoin
Do bhogadh 'nA chliabhán,
Ni mór do góil [gabháil] go stuama cóir,
Is bheith go humhal 'nA dháil:
Amhail Muire Óigh gan smál.

A Íosagáin is dílse grá,
Mo thaisce Thú 's mo shéan!
Dá laighead Do chlódh is mór Do stór
'S is ríoga riarair É:
Ó líon le D' ghrá mé féin.
[ón ostair... tadhg o seaghdha 1947
o gorman teo gaillimh
[Fonn eile? long time ago in bethlhem
adapt] duanta nollag sean og o t

56 **Leanbhán Muire**

I mBeitheal thoir, fadó, fadó, de réir Bhíobla Dé.

Rugadh Íosa, Dia na Naíon'

Lá Nollag le breacadh an lae.

Cúrfá:

Éist le ceol na n-aingeal binn, Éist 'gus iad ag gaoch,

Anois tá Íosa Críost inár measc, Aililiú Mac Dé!

Séid trumpaí go glórach ard, thar an sneachta bán,

Tá Íosa tagtha ar an saol is an uile dhuine slán.

Agus aoirí ag faire ar thréad caorach, oíche dhorcha fhuar,

Chonaic siad réalt sa spéir agus chuala gach duine cór.

Shrois Íosaef Beitheal an oíche sin, É féin 'gus Muire a bhean,

Ach dhiúltaigh tábhaireoir iad uilig, seomra soar ní raibh ann.

Faoi dheireadh chuaigh an bheirt isteach i stábla fuar, lom, caol;

'S i mainséar beag le cocán buí tháinig Íosagán ar an saol.

[Aistr. Seán Ó Briain]

57 **Suantraí Mhuire**

Ins an stábla lom is nocht

Thig leanbhán úr chun tsaoil

Is a mháthair naofa fhíorghlan

Á chosaint ar gach baol.

Te teolaí ina chliabhán

Cloga síochána ag bualadh

An leanbhán ina baclainn

Is suantraí bog á cheol.

*Íosagán, iosagán, Íosagán mo stóirín,
Íosagán, Íosagán, a ghrá mo chroí mo stóirín.*

*Deir na haingil Gloria
Thig aoirí ina láthair
Fuair siad é sa mhainséar bhocht
I gcuideachta a mháthair*

*Lean triúr saoi an réalta sa spéir
Taisece óir ina lámha,
Ón oirthear thaistil siad ar cois
Is fuair siad an Mhaighdean ag canadh*

58

Íosagán do tháinig chugainn

Ins an oíche fhuar
Íosagán do tháinig chugainn
Ins an oíche fhuar, ins an oíche fhuar.

a] Bhí na réiltíní sa spéir
Ins an talamh ciúin.

B] rugadh ins an stábla é
Asal agus bó ann.

c] In excelsis gloria
sin a chan na haingil.

d] Beannaig sinn, a Íosagán,
Beannaigh sinn ó Bheithil.

59

Íosagán Íosagán,
Íosagán sa cliabhán
Íosagán, Íosagán,
Íosagán sa cliabhán

Fáilte Romhat, fáilte Romhat,
Fáilte romhat a Íosa.
Fáilte romhat, fáilte Romhat,
Fáilte romhat a Stóirín.

Adhraimid Thú, adhraim Thú
Adhraimid Thú a Dhia.
Adhraimid Thú, adhraim Thú
Adhraimid Thú a Dhia.

Gloria, Gloria
in excelsis Deo
Gloria Gloria
in excelsis Deo

[Fonn: Túirne Mháire]

60

Íosagáinín
Íosagáinín sa chliabhán,
Codail go sámh,
Fanfaimidne anso go lá.
Bogaíís Tú chun suaimhnis suaimhnis,

Bogaimís tú chun chodhladh sámh,
Muire máthair anso led' láimh,
Glóire go hard,
Fáilte romhat is mile grá.

Aoirí an tsléibhe,
A chuala an scéal,
Is rithe a tháinig i bhfad i bhfad i gcéin
Bogaimís Tú....

Réiltíní álainn os ár gcionn,
Codail go ciúin,
Aoibhneas is ciúineas mórthimpeall an domhain.
Bogaimís Tú.....

61

Íosagán, oiltear liom im' dhíseartán,

Bíodh ann cléireacht go líon séod,

Is bréag uile ach Íosagán.

Íosagán, Íosagán Íosa uasal aingilí

'Sní cléireach caraigí, oiltear liom im' dhíseartán

Íosa, Mac na hEabhraí.

Íosagán, Íosagán

Canaigí ceol a iníona d'fhear dhlíos bhur gcisagán,

Tá 'na phurt thuagán.

Cé go bhfuilim' ucht thosagán,

Íosagán, Íosagán

62 *Oíche a rugadh Mac Dé*
Is chuadar siar agus aniar na sráideanna

Agus ní bhfuair eadar aon díden ann
Nó go dtáinig eadar sa stábla naofa
Nach raibh dídean ós a chionn.

Bhí naoimh ann agus bhí aingil ann
Ag gabháil fúthu agus tharastu
Nó gur rugadh do leanbh naofa
Idir bullán agus asal.

Nár tháinig na trí rithe ann
Ag déanamh iontais den leanbh,
'Gus nár chaitheadar an oíche
Ag seinm ceolta don Mhaighdean Bheannaithe.

Nár thairgeadar na trí seoide dó,
Mar bhí ór buí agus aiteas,
Nó gur dhiúltaigh sé an méid sin
Ag sábháil gach peacadh.

Ag sabháil gach créatúr
Da raibh i bpéin mhór ná i ndeacair
Ag tabhairt dídean faoina scéith dóibh,
Is dáréag de na haspail.

Agus lá breá a bhí an cúpla

‘Gus iad ag siúl lena chéile,
Nár fhiafraigh an Mhaighdean ghlórmhar,
“An mar seo a bheas muid?”

“Nach ndíolfar Déardaoín mé
Ar leathchoróin den airgead bhán
Agus beidh mé de hAoine
Do mo ruaigeadh ag mo namhaid.

Nach gcuirfear an chulaith rón orm
Agus na córdaí crua casta
‘Gus nach gcuirfear an choróin spíonta
Le spidiúlacht ar mo chnámha

Nach dtiocfar anuas orm
Lena chúig mhíle buille,
‘Gus braon uasal atá in uachtar
‘Gus beidh sé anuas le mo shála.”

Muise aille liú leá
Agus aille liú leá
A bhó ‘gus a chó chó
Agus aille liú leá.

[Traid gan ainm CD Finola O Siochrú]

63

Lá fadó i gCathair Rí Dháibhí

Tháinig naíonán ar an saol.
Rugadh é go humhal sa stábla
Bó ‘gus asal lena thaobh.
Críost Mac Dé an leanbh caoin

Muire ghlé a mháthair mhín.

Tháinig sé anuas ar talamh,
Rí na cruinne, Rí na sló,
Naíonán Rí ina luí sa mhainséar
Aoirí bocht' ag umhlú dó.
Mian a chroí bheith linne beo,
Cónaí a dhéanamh linn go deo.

Tháinig sé le muid a shlánú.
Moladh, glóir is buíochas dó;
Uan geal Dé ar bís le gá dúinn,
Ar ár son do céasadh beo;
Ceolaimis le háthas croí
Glóir go hard don Naíonán Rí.

64

Lá Nollag Mór 'san Lá Geal

Do sheol trí long an fharraige siar,
Lá Nollag mór, Lá Nollag Mór.
Do sheol trí long an fharraige siar,
Lá Nollag mór 'san lá geal.

Is inis dom cad cá raibh a dtriall?
Do sheoladar isteach sa chuan,
Is cé a bhí ar bord na long?
Íosa Críost an Slánaitheoir.
Is inis dom cá raibh a dtriall?
Do sheoladar siar go Betlehem.
Féach an réilthín geal sa spéir,
Éist le ceol na gclog go léir,

Beidh áthas orainn go deo na ndeor.
[Billeóg Leannaí scoil dhún Cahaoín 2007]

65

Le coinnle na nAingeal tá an spéir
amuigh breachta

Tá fiacal an tseaca sa ghaoith ó'n gcnoc.
Adaigh an tine 'gus téir chun na leapan.
Luífidh Mac Dé ins an dtigh seo anocht.

Fágaidh an doras ar leathadh ina coinne,
An Mhaighdean a thiocfaidh is a Naoí ar a hucht
Deonaigh do shuaimhneas a ghlacadh a Mhuire,
Luíodh Mac Dé ins an dtigh seo anocht.

Bhí soilse ar lasadh sa tigh sin na haíochta
Cóiriú gan caoile, bia agus deoch,
Do cheannaithe olla, do cheannaithe síoda
Ach luífidh Mac Dé ins an dtigh seo anocht.

66

Le croithe soilbhir seinnimid fáilte
Le Mac Mhuire do rugadh san stábla,
Is muna mbeadh turas an leinbh an lá sin,
Do bheadh muid uile 'na dhorn ag Sátan.

Seinnid na h-aingil do'n Leanbh seo failte
Go follus do'n tsaol 'san spéar faoi lán-ghuith;
"Glóir go síor do Dhia 'sna h-Ardaibh,
Is síocháin feasta do mhaithibh Clann Adhaimh.

A Mhic na Banalta is fearr do thainig
Os dár gceannach mar mhargadh tháingis,
Maith ár gcionta, cé fada le h-áireamh,
Is beir ar n-anama go flaitheas na nGrásta.

67

Má thig tú 'nocht tarraing go ciúi
Tá Mhuire mháthair ag tabhairt na cíh' don leanbh
Áluinn bhfuil an domhan a' brath air
Mo bhrón an chailís nach mór dó ól.

Má thig tú amárach, beidh sí ciúin,
Faoi scáth na croise, is na deora léi fán leanbh
Álainn 'raibh an domhan a' brath air
Beidh an chailís diúgtha is an domhan slán.

68

Mo Ghaol mo Ghrá 'gus m'éadail thú,
Mo Stóirin úr is mfhéirin thú.
Mo Mhacan áluinn scéimheach Thú
Chan fhiú mé féin bheith 'd dháil
Alleluia, alleluia, alleluia.

Cé gur leanbh díblí thú,
Cinnté is Rí na Ríthe thú,
Is tú an t-oidhre dlitheach fírinneach
Ar Ríocht Dhia na nGrás.

69

Mo Mhac-sa, Mo Mhaoinín Tús
ceap do bhrionglóidí féin

Mo mhac-sa mo lao gheal
 cúmtar fíis do shaoil
Fíis gheal na gile lán
 seod mo bhaclainn
Ó mo mhac-sa mo mhaoinín
 codail go sámh leat féin.

Mo mhac-sa, mo mhaoinín,
 coinnigh do shuile dlh.
Mo mhacsa, mo lao gheal,
 tá an saol seo ró-chung.
Fíis gheal 7rl

Mo mhacsa , mo mhaoinín,
 im láim bódh do láimhín óg,
Mo mhacsa, mo lao gheal,
 tá an saol seo ró-mhór.
Fíis gheal 7rl. M. Ní Dh

70

Moladh go hArd don Rí [Lauda Jerusalem]

Moladh go hArd don Rí

Moladh agus glóir

Moladh go Íosa Críost ár Slánaitheoir.

Hosanna, Hosanna.

Moladh do Íosa Críost ár Slánaitheoir.

71

Móradh duit a Rí na Cruinne,

Maidin Gheimhridh in ár ndáil;
Móradh duit a Dhia 's a dhuine,
Moladh 's glóire duit go brách.

Moladh 's glóire, moladh 's glóire,
Moladh 's buíochas duit, 's grá,
Moladh 's glóire, moladh 's glóire,
Moladh ó shlóite cheithre árd.

72

Móraimidne Rí na nDúl,

Aon Mhac Mhuire, Dia na Slu';
Moladh dhó is ard onóir,
Rí na nAingeal, Rí na gComhacht.
Glóraimid le mórtas ard,
Dia na beatha, Dia na ngrás,
Cruthaitheoir an domhain go léir,
Rí na Rithe, Tréan na dTréan.

Beannaigh sinn a Shlánaitheoir.
Líon ár gcroí led' ghrá go deo.
Féach orainne clann bhocht Adhaimh.
Glan ár smaoineamh. Glan ár lánh.
Ardóimid arís ár nglóir,
Glóire agus ard onóir
d'Aon Mhac Mhuire Dia na Slu';
Rí na nAingeal, Rí na nDúl
[R.S.de Ros]

73

Níor cruinníodh liomsa ór

An clú do fhrith liom d'fheoigh,
'San ghrá do fuaireas romham
Mo shaoil do sheirg
De ionnmhus na de ghlóir
Ní fágfad i mo dheoidh,
Liomsa, a Dhia, is leor,
Ach m'ainm i gcroí leinbh.

74

Nuair a Nocht an Chéad Réalt san Iarthar

Sea chan sé an ceol úr don domhan:

“Seo an oíche, an oíche a ghinfear an Tiarna
sa mhainséar i mBeithil gan bhrón gan bhrón,
sa mhainséar i mBeithil gan bhrón.”

Agus thosaigh gách réalt, gach réalt 'na dhiaidh sin
a ceoladh le chéile go hard

“Seo an oíche, an oíche a ghinfear an Tiarna ,
i mBeithil do Mhuire gan smál, gan smál,
do Mhuire i mBeithil gan smál.

Agus cruinnigh na hAingil go líonmhar,
Sea chan siad glóir duit, ár nDia

“Seo an oíche, an oíche a ghinfear an Tiarna
don Ógh i mBeithil na Rí na Rí,
don Ógh i mBeithil na Rí.”

Is amuigh ar na conic, ar na cnoic
Chuala aoirí na haingle 'sna réalta a' ceoladh
“Seo an oíche, an oíche a ghinfear an Tiarna,
Is téimís go Beithil á mhóradh.

[Éamonn Ó Gallchobhair a chum an ceol,
Diarmuid Ó Riain a chum na focail,
An Gúm a d'fhoilsigh]

75 An Adeste

O tagaidh a fhíréana,
Tagaidh lán de ghairdeachas,
Tagaidh, deifrigi go Beithlihéim;.
Féachaigí an Mac-sa
Rí na n-aingeal nglórmhar;
Ó tagaidh agus ádhraimis
Ó tagaidh agus ádhraimis
Ó tagaidh agus ádhraimis
An Tiarna, an Rí

Seinnidis “Buaidh”
Cór na n-aingeal naofa,
Seinneadh ‘nois Árus na bhFlaitheasa
Ard –gloir
Do Dhia ins na h-árdaibh;
O tagaidh &rl

Dia ó Dhia
Solus ó sholus É
Ó bhroinn na hÓighe tháinig Sé.
Fíor-Dhia fíor É,
Rugadh É ’s ndearnadh,
Ó tagaidh agus ádhraimis 7rl

Agus do’n Té sin

Rugadh an lá-sa
Duitse, a Íosa, glóir go deo;
Briathar an Athar
Siorraí, rinneadh feoil Dé;
Ó tagaídh agus ádhraimis & rí
[DD bailithe ag Úna Ní Ógain]

76 Carúl Loch Gharmain

Ó Tagaig uile is adhraigí

An leanbh cneasta sa chró 'na luí
Is cuimhnigí ar ghrá an Rí
A thug dár saoradh anocht an Naí.
'S a Mhuire Mháthair i bParrthas Dé,
Ar chlann bhocht Éabha guigh 'nois go caomh,
Is doras an chró na dún go deo
Go n-adhram' feasta Mac Mhuire Ógh.

I mBeithil thoir i lár na hoích'
Ba chlos an deascéala d'aoirí,
Go follas don saol ón spéir go binn
Bhí aingle 'canadh 'o rinn go rinn.
"Ghluaisig' go beo," duirt Aingeal Dé,
"Go Beithil sall is gheobhaidh sibh É
'Na luí go séimh i mainsear féir,
Siúd É an Meisias a ghráigh an saol."

[wexford caruil green an rinn sheet agus Tús]

Ó Teanaig in Éineacht,

Téanaimís go h-aerach.

Ó teanaig, ó teanaig go Beithlehéim.

Cífidimid naíonán ann, Rí na nAingeal, Íosa.

Ó tagaidh agus adhráimís D.D.

Ó tagaidh agus adhráimís

Ó tagaidh agus adhráimís

An Tiarna, an Rí

Fíor Dhia í fhíor Dhia, soilse ó shoilse

Ó bhroinn na Maighdine a tháinig Sé,

Nádúr Dé ann, gineadh, 's nár ndearnadh

Ó tagaidh agus adhráimís

Ó tagaidh agus adhráimís

Ó tagaidh agus adhráimís

An Tiarna, an Rí

78

Oíche Chiúin, oíche Mhic Dé,

Cách 'na suan, dís araon,

Dís is dílse 'faire le spéis,

Naíon beag gnaoi-gheal ceananntais caomh-

Críost, 'na chodhladh go séimh.

Críost, 'na chodhladh go séimh.

Oíche chiúin, oíche Mhic Dé,

Aoirí ar dtús chuala 'n scéal;

Alleluia aingeal ag glaoch,

Cantain suairc i ngar is i gcéin,

Criost ár Slánaitheoir Féin,
Criost ár Slánaitheoir Féin.

Oíche chiúin, oíche Mhic Dé
Mac de bhi, gaire ar a bheil,
Tuar dá rá 's dá lán-chur i gcéill,
Ann gur tháinig tráth chinn a tséin,
Chíost a theacht ar an saol
Críost a theacht ar an saol.

78a

Oíche chiúin, Oíche Mic Dé,
Cách faoi shuan, solas geal glé.
Leanbh Íosa, ceansa séimh,
Muire, losaf 's aingil Dé
Críost 'na chodhladh go sámh.
Críost ina chodhladh go sámh.

Oíche chiúin, oíche Mhic Dé
Tréadaithe 'r dtús chuala an scéal.
Alleluia! Aingil faoi shéan
Glóir sna háirda i ngar is i gcéin,
Naíonán cosúil linn féin,
Naíonán cosúil linn féin.

[DDD Foilseacháin Veritas]

79

Oíche Nollag Mór
do rugadh Íosa cóir
'sa stábla, sa stábla i mBethlehem.

Huisín uil leó, leó,
Huisín uil-leó-leó-leó
Huisín a Leinbh uil-leó-leó.

Fuaireadar sa stábla an leanbh,
an leanbh 's Mháthair
ina luí sa mainséar i mBethlehem

Huisín uil leó, leó,
Huisín a Leinbh uil-leó-leó.
Gloria in excelsis
Gloria in excelsis Deo
Sa Stábla I mBethlehem
i mBethlehem

Huisín uil-leó-leó-leó
Huisín a Leinbh uil-leó-leó.
Sa stábla i mBethlehem.

[Dán de chuid Mairead Ní Ghráda
Ceol S.S.A.T.D. le Éamonn Ó Gallchobhair
do Cantairí RTÉ 1969
RTÉCL 3974]

80 Óir Féach Bheirim Scéala Mhaith Díbh

Óir féach, bheirim scéala mhaith díbh
fá lúcháir atá le teacht chuig na daoine go léir.
Óir féach, bheirim scéala mhaith díbh
fá lúcháir 'tá le teacht chuig na daoine go léir.
Óir féach, bheirim scéala mhaith díbh
fá lúcháir 'tá le teacht chuig na daoine go léir.
Óir tá Slánaitheoir beirthe díbh inniu,

inniu i gCathair Dháibhí
'S É Chríost, 's É Chríost an Tiarna É!
an Slánaitheoir!
'S É Críost Mac Dé!

Sea, bheirim scéala mhaith, scéala fá lúcháir,
'gus beidh seo mar comhartha agaibh,
Gheofaidh sibh an leanbh
cuachta in éadach ceangail,
ina luí i mainséar.

Brostaigh, 'gus tar bhur Rí a bheannú.
'S don Slánaitheoir le grá canaigí:
Venite adoremus,
Adoremus Dominum

Óir féach,
bheirim scéala mhaith díbh fá lúcháir.
Glóir do Dhia 'n árd na bhflaitheas
's ar talamh síocháin do lucht na dea-thola
[An Canónach Pádraig Mac Giolla Cheara 1948 Rath-Bhoth].

Ceol agus cóiriú SATD: An tAth Eadbhard Mac Seóin C.Ss.R
Cóiriú don orgán: An tAth Pádraig Ó Míocháin SM

81

Rann do rinneas i mo chroí

Don ridire, don ard-rí
Rann do rinneas do mo ghrá
Do Rí na Rí, don tsean-bhás.
Gile liom na soillse lae,
Doircheacht do thí, gí dubh-chré.

Binne liom ná ceol na stoc,
Ciúnas do thí 'sa shíor-thost.

82

Rug Muire mac do Dhia,
Íosa Críost, triath na reann;
Maireann dá éis 'na h-óigh,
An bhean is dóigh do gach dall.

Buime's máthair Mhic Dé bhí,
Bean mar í ní fhaca súil;
Bean le'r oscladh flaitheas Dé,
A mholfas mé os gach dúil.

Ní cosúil í le mnáibh,
Mhuire mhór, an bláth nach críon;
Ní cosúil balsam le moirt,
Le lionn goirt ní cosúil fíon.

Glo o o o o ria
In excelsis de-e-e-o 7rl
Veritas Hymnal Sean Óg

83

Sa Mhainséar bheag shuarach

do luí sé chun suain
An Naíonán beag bé Mac Mac Rí na nDúl
Bhí réalta na spéire go geal os a chionn
Is grá do gach n-aon ag soilsiú 'na ghnúis.

Ó beannaigh sinn a Íosa 'dir aosta 'gus óg
A Rí ghin gan cháim, fan farainn go deo,
I dtráth seo na Nollag Mhic Mhuire na h-Óighe,
Tabhair áird ar ár nguí, is scaip namhdas mar cheo.

Cuir grá in ár gcroí, a Linbh ghil bhuaidh,
Dein cothú ar aontas 's cuir scaipeadh ar fhuath,
Is síolraigh an tuiscint go daingean 's go buan
Go bhfillfidh síocháin ar fuaid an domhain mhóir.

84 Away in a Manger

Sa stábla i gcéin [Tír chonaill]

Sa stábla i gcéin gan adhairt faoi na cheann,
Ina luí bhí an leanbh Rí cumhactach an domhain,
Na réalta ag faire i ndorchacht na h-oíche'
Féach an leanbh Íosa ina luí ar an tuí.

Na tainte ina aice, anois musclann siad é,
Ach caoineadh ní dhéanann Sé, Aon Mhac Dé,
A Pháiste Caoin Íosa na h-imigh óm' thaobh,
Bí i gcónaí im' fochair go deireadh mo shaoil.

[Away in a Manger Tír Chonaill]

85

'Sé do bheatha 'Nai Naoimh

Sa mainséar do chlaon do chorp,
Cé méidreach is saibhir Tú,
Is glórmhar id' Dhún Féin anocht.

Ar neamh riamh gan mháthair duit,
Gan athair 'nár gcrích anocht,
I t'Fhír-Dhia 'riamh atá Tú
Is id dhuine ar dtús anois.

Sé do bheatha, a Íosa aris,
Sé do bheatha i gclí an Oigh
A Ghnúis is áille 'ná an ghrian
Na mílte fáilte, id' Dhia óig.

A Mhuire, a Mháthair Óg,
Oscail dorus an chró dhom,
Go n-adhrad Ard-Ri na ndúl;
Nach córa dhúinn 'na do dhamh?

Míle fáilte anocht i gclí
Le mo chraoi dom Rí fhial,
I n-ár náduir ó do chuaigh,
Póg is fáilte uaim do Dhia.
Duanta nollag sean og o t

86 *Seacht gcéad déag míle fáilte,*

Seacht gcéad déag míle fáilte, naoi n-uaire 'gus fiche
Roim Mhac Dé na Glóire 'gus na Maighdine Muire.
Do thuirling 'n a broinn ghlórmhar 'n A Dhia 'gus 'n A dhuine.
'S gurb é oíche Nollag Mór a rugadh rí ceart na cruinne.

Is ocht lá a dhéidh sin sea do ghlaio siad Lá Coille air,

I dteampall na dTrionóide mar a doireadh an fhuil mhilis.
Dhá chur in iúl dóibh siúd gur sciúirse á bhí chuige,
Ag fullaingt na daor-pháise 's ag iompar na croise.

Is mó ghrása an Mhaighdean Ghlórmhar, 'Sí banríon Fhlaithe Dé,
A rugadh 'n a h-Aingeal agus baisteadh 'n a naomh.
Níor dhéin si riamh peaca ó ná fheadair cad é
Nó gur thúirlic 'n a geal-bhroinn chúiche Mac Dílis Dé.

[Traid gan ainm CD FÓS]

87 *Seacht Subhailcí na Maighdine Muire*

An Chéad shubhailce fuair an Mhaighdean bheannaithe,
Narbh í sin an t-subhailce mhór,
Subhailce fuair sí ó nah Aon-Mhac Íosa
Gur thug sí 'un tsaoil É i mbothán cró.

Seinn Alleluia.....

An dara subhailce.....-
gur shiúl Sé léithe 'n ród.

Seinn Alleluia.

An tríú subhailce.....

Go ndeachaidh Sé ag léimh a leabhair

An ceathrú.....

Go nderna Sé den uisce fíon.

An Cúigiú.....

Go ndearna Sé den mharbh beo

An seisiú.....

Gur shaor Sé le nA fhuil an domhan.

An seachtú subhailce.....

Gur chuir Sé uirthí coróin.

[Ó Tír Chonail]

88 *Leanbh an Áigh*

(Seo) leanabh an áigh (an) leanabh bh'aig Máiri;

(A) rugadh san stabull, Righ nan dúl!

Tháinig don fhásach, dh'fhuiling na n-aite

Son' iad an aireamh bhitheas dhá dlúth!

Nuair chunnaic e fhéin gu robh sinne nar n-éiginn,

Dh'fhosgail speuran réidh os ar cionn.

Chunnaic sinn Criosda, spiorad na fininn;

Tharraing siud fo dhíon a chrúin.

Neartaich an dóchas, meudach ar n-eólas,

Cúm sinn nad róidean díreach, dluth

Le ola nar lóchrain, mar ris na h-óighibh,

A' seinn, ann an glóir, an órain úir.

(Seo) leanabh an áigh, mar dh'aithris na fáidhean,

'S na h-ainglean árd, b'é miann an súl;

Sé 's airidh air ghrádh 's air urraim thoirt dhá;

(Is) sona an áireamh bhitheas dhá dluh.

[Fonn traid Alba Finola Ó Siochrú]

89

Síon is Sneachta, oighir is aithne

Reoch anocht na réaltaí
Cuing ar easa linnet 'na lleaca
Bronach liom an saol

Och, an mháthair mhóhuil mhánla,
Trua an seanóir críonna,
Bocht a n-árus, a bhfoscadh i stábla,
Monuar, is dealbh an dídean.

Fuar an oíche, trua an Naíon,
Lom, mo chás, a leaba,
Tuargan gaoithe, cruatan geimhridh,
Olc do fháilte, a leanbh.

Ceol sna flaitheas ag cór na n-aingeal,
Stoc is píob is cláirseach,
Glórtha neamhga ag gabháil a gcaintic
Is ag moladh Chríost an t-Ard-Rí

[Focla P Mac Piarais ceol Sr Colmcille]

90

Síóth, Athair an Aidh,

Síóth Chriosta na Páis.

Síóth Athair an Aidh,

Síóth Chríost na Páis,

Síóth Spiorad na nGrás,

Síóth Spiorad na nGrás

Dúinn féin is don ál tá óg,

Dúinn féin is don ál tá óg.

Liam Lawton ALN

91

Solas na Soilse

Solas na saoilse (chugainn) agus radharc na Tríonóide
Agus grásta na foighne in aghaidh na h-eagóra.

Solas na Soilse CD Finola Ó Siochrú

92

Spréann ga Dóchas ins an spéir [When a child is Born] Leathanach na Rinne?????

Spréann ga Dóchas ins an spéir
Lasann réalt beag thuas na háird go léir.
Trasna an domhain gealann maidin chaoin.
Tárlaíonn sé seo nuair a beirtear naíon.

Seolann guí ciúin thar muir is tír,
Siosma a bhíonn ag leoithne,
Titeann amhras gan tasc gan rian
Tárlaíonn seo nuair a beirtear naíon.

Luíonn solas geal ar gach aon tír.
Bhraithir féin tú bheith ar thalamh
Ar feadh scaithimh ní bhíonn naíon gan mian.
Tárlaíonn seo nuair a beirtear naíon.

Taibhreamh tá ann, nó fós samhlaíocht
A cheithfidh slí teacht fós i gcríoch
Trasna an domhain gealann maidin chaoin.
Tárlaíonn seo nuair a beirtear naíon.

93

Tá craoibhín chumhra éiríos

As bunadh caoin aníos;
Amhail chan anallód fáigí,
De phoir-shliocht Jesse í,
Is thug an chraoibhín séimh
I lár an Gheimhridh bláithín,
Um uair mheanoíche féin.

An craoibhín chumhra bhuíochais
Do chan Esaias fáigh
'S' Muire Ógh gan tíol í
Do thug dúinn féin an bláth,
De dheoin síor-chomhairle Dé
Do rug a h[Aon-gein linbh
'S is ógh í fós gan bhéim.

94

Tá Sé beirthe Naomh-Aon Dé!

Can do shéan le binneas beóil!
Tá Sé beirthe Naomh-Aon Dé
Can do'n Oig Rí goirm cheóil.

Ceithre mhíle blian ó shoin
Chan na faidh' an Té bhí tiacht;
Ceithre mhíle blian ó shoin
D'fhógair siad A réim shíoraí.

Stábla bocht a phalás dín,
Mainséar féir a Chliabhán suain,
Stábla bocht a phalás dín

Rí na Rí 'nA luí go humhal.

Ó nach aoibhinn áluinn É,
Lán de bhua an uile ghrás.
Ó nach aoibhinn áluinn É,
Iosagán ár só go brách.

[Aist Tadhg Ó S. Duanta Nollag]

95 ***Síocháin***

Tabhair dúinn Síocháin
Tabhair dúinn, tabhair dúinn,
tabhair dúinn síocháin.
Tabhair dúinn síocháin,
a Shlánaitheoir a' domhain.
Dona nobis pacem.
Tabhair dúinn síocháin,
a Shlánaitheoir a' domhain.
Dona nobis pacem.
Tabhair dúinn síocháin,
A Shlánaitheoir a' domhain
M.Ó Ceallacháin

96 ***A Drumadóirín***

Tar, a dúirt siad liom, parumpapumpm,
Rí nua óg a fheiceáil, parumpapum
Ár mbronntasaid is fearr, parumpapumpum,
A chur os comharir an Rí, parumpapumpum,
Omós a thabhairt don Rí parumpapumpum,
Is mian liom.

A Íosagain, parumpapumpum,
Is buachaillín bocht mé parumpapumpum,
Níl féirín agam duit, parumpapumpum,
A oireann do Rí óg parumpapumpum,
An seinnfidh mé duit parumpapumpum,
rumpapumpum, rumpapumpum
Ar an drum”?

D’aontaigh Muire, parumpapumpum,
D’éist bó’gus asal, parumpapumpum,
Do sheinn mé mo dhrum, parumpapumpum,
Rinneadh mo dhícheall Dó, parumpapumpum,
rumpapumpum, rumpapumpum
Ansin rinn’ gáire liom, parumpapumpum
Mise ‘s an drum”.

Aist: Seán Ó Briain;
[Aist. eile ag R.Bn Uí Chuill i Carúil Nollag]

97 *Veni Emmanúel*

Tar chughainn tar Emmanúel,
A’s scaoil ó gheibheann Iosrael
Atá ar dhíbeart chásmhar ag caoi
Go bhfoilsítear Mac Dé arís.

Curfá:

Déan gairdeachas, a Iosráel,
mar bhearfad duit Emmanúel.

Tar chughainn tar a bheangán lesseé.
Ó chráigh a namhaid do phobal soar,
As aibhéis Ifrinn treor aigh iad,
As uaimh an duibheagáin tabhair aníos.

Tar chughainn, a Réalt na Maidne tar.
Tabhair sólas dúinn a's tú ag teacht.
Ó! díbir oíche is néalta dubha,
A's uafás ciar na hoíche uainn.

Tar chughainn a Eochair Dháibhí, tar,
A's oscail dúinne ríocht ar neamh.
An bealach suas réithigh dúinn slán.
A's dún na bealaigh íocht'rach go brách.

Tar, chughainn, tar, a Thiarna na sló,
A thug ar barra Sléibhe treoir
A's dlí i maorgacht 's i réim
Don phobal dílis 'bhí fá do réir.
[Aist. Ag Lil Nic Dhonnchadha]

98

Tar, Tar, tar chuig an mháinséar

Cúrfa:

Tar, tar, tar chuig an mháinséar,
'Pháistí tar chun bhur Slánaitheoir.
Ceol, ceol, ceol binn na naingeal,
Ceol na n-aingeal i mBeithil an Rí.

Ina luí leis an asal ar tuí,
's gurbh eisean a chruthaigh an saol,
An sion amuigh tá fiáin fíochmhar
Íosa caoineadh, Íosa Críosta,

Tiarna tarrthaigh ar phaistí an tsaol.

Curfa:

Chuig an mainséar i mBeithil á dtriall,
chuig ár dTiarna ár slánaitheoir fíor
Na spéartha féin táid beo le ceolta
Glóir na n-aingeal fós'a mhoradh
Tiarna tarrthaigh ar phaistí an tsaol.

Curfa:

[Fonn: [Come come to the manger]

99 *Tháinig Dia chun Saol i gCró*

Teanóir aonoir:

Tháinig Dia chun saol i gcró
's gan ach ba san áit dearóil.
Ríthe 'n tsaol fá síoda sámh,
Rí na rí gan ruim an macámh,
gan ruim an macámh

An Cór:

Siúlaimís go Beithil chuig an Óigh
a' diochur smáil peacadh ar an treo,
a' canadh A ghlóir inniu
an naoineán a ónórú,
a geineadh anocht, anocht sa chró
Canaimís Glória! Glóir Duit a Naoineán bhig.
Canaimis in áirde le grá Dó 'nár gcroí istigh.

Teanóir aonoir:

Tháinig aoirí ó na cnuic
d'adhradh árdiacht an Aoin mhic
d'fhan saol tánaigh 'carnadh óir,
niorbh eol dóibh cé'n stráinseoir,
cé'n stráinseoir,

An Cór:

Siúlaimís go Bheithil cuig an Óigh,
a' diochur smáil peacadh ar an treo,
a' canadh A ghlóir inniu,
an naoidhneaán a onórú
a geineadh anocht sa chró.
Canaimís Gloria, Gloir Duit a Naoidhneán bhig.
Canaimís in airde le grá Dó 'nár gcroi istigh

Cluineadh 'n saol mór scéal mór ár Ri.
Cluineadh, cluineadh:
Gloria in excelsis Deo.

[Dán Nollag le Diarmuid Ó Riain,
Pallasgreen Co Tiobraid Árann.
Ceol agus cóiriú: T1, T2, D1, D2 le Éamonn Ó Gallchobhair]

dearoil = miserable bron dearoil oppressive grief
ruim = rags macámh = youth

100

Eipeafáine

Tháinig na saoithe i ndiaidh an Réiltín
Ag triall ar an Naí ina lui í sa chliabhán
Sléachtadar síos is buíochas ina gcroí
Is d'adhradar Íosa a Rí is a bhFáidh
Gloir don Athair agus don Mhac agus

don Spiorad Naomh.....

Thugadar Dó mar chomhartha onóra
A mbronntanais chóra Ór Túis agus Miorr.
Glacadar scéala ó theachtair Dé
'S ar a mhalairt de raon do ghluaisdeadar soir.

Gloir don Athair agus don Mhac agus
don Spiorad Naomh.....

101 *Tháinig Tú ar Talamh*

Do tháinig Tú ar talamh,

a Rí ó Neamh anuas

Is tháinig Tú sa chró beag

Sa Gheimhradh feanntach fuar.

Is tháinig Tú sa chró beag

sa Geimhreadh feantach fuar;

Ó, a Íosa, Leinbhín Diaga,

Tánn Tú anso ar crith os mo chomhair

A Dhia Ró Naofa Mhóir!

Nár mhór an ní go fíor é

Grá a thabhairt dom shórt

Nár mhór an ní go fíor é

Grá a thabhairt dom shóirt.

Tá éadach agus tine

in easnamh ort a stór,

A Chruthaitheoir na Cruinne,

A Dhia, a Shlánaitheoir.

A Chruthaitheoir na Cruinne,

A Dhia a Shlánaitheoir,

A chara, ró dhil, a Naí bhig íon,

Má bocht í an choir
is móide mo ghrá
Is Tú an ghrá ró mór,
Do dhein díot fhéin an grá
'S Tú dealbh de shíor is de gnáth
Do dhein díot fhéin an grá
'S Tú dealbh de shíor is de ghnáth.

Id' shuan c'é taoi, a Leanbh,
Go suaimhneach síoch go fóill,
Is buan do chroí ar faire
Anois is go deo na ndeor,
Is buan do chroí ar faire
Anois is go deo na ndeor.

Och, a Uainín 'alainn íon-ghlain,
Cad iad do smaointe?
Lig dom do rún.
A Chroí dho-chuimsithe mhóir,
Cén lá a gheobhaidh mé bás
Ar do shon, má 'sé sin atá 'ndán?
Cén lá a gheobhaidh mé bás
Ar do shon, má 'sé sin atá 'ndán?
[San Alphonso de Liguori. Dónaill Ó Chuill a d'aist.]

102 ***Beirthe i mBéatal***
Thainig slua angil anuas le scéala
Go dtáinig an Mac thuill gean shíol Éabha
Ní do lucht óir, nó stóir nó síoda
Ach do lucht faire bhí ag coimead a dtréad ann
Ach do lucht faire bhí ag coimead a dtréad ann

Beirthe i mBéatal! beirthe i stábla!
" 'Dhaoine boctha" ars' an tAingeal glórmhar
"Má tá sibh gan caraid, is sona bhFomhar.
Geobhaidh sibh beirthe É i mBéatal i stábla
An Leanbh a d'oscail díbh geataí na ngrásta
An Leanbh a d'fhoscail díbh geataí na ngrásta
Beirthe i mBéatal, beirthe i stábla!" Ah....
[Focail; Cnuasacht Seán Óg Ó Tuama
Cóiriú: SATD ag Éamonn Ó Gallchobhair
do Cantairí RTÉ 1969 RTECL 3974]

103

Thuit drúcht ó neamh ar mhaighdin

Ar mhnáibh an tsaoil rug buadh
De roghain an Athar feidhligh
Do líonadh í dhá rún.
Mar sin, ó'n Sprid, do ghein sí
An Mac i gcolain naín
Le h-aoibhneas máthair uile
I maighdeanas caomh-íodhain.

'S a Mac aici dhá iompar
Bhí intinn Sheósaimh shéim
Dhá suathadh 'gus go buartha
Óir bhí sé cóir gan chlaon
Ar sé,"Dhá dtréigeann Muire
Do chuirfí coir 'na leith
Is thiúrfaí peannaid bháis di
Le clocha 'Nasaireit."

Bhí aingeal síor ag áirdeall
Is sgein ó neamh 'na dháil –
“A Seósaimh, ná bíodh eagl' ort,
Ach cloigh led chéile mná,
Is fanaidh beirt in éineacht
Óir thar ar smaoinis riamh,
Le hoibruíú Athar 's Naomh-Sprid
An ghein atá na broinn.”

Faoin am sin thainic gairm
Ó Sheasar ní sa Róimh
Gach naon do scríobhadh 'ainm
I mbaile 'shinnsir chóir
'S ar shroichint Chathair Bheithil
Do mhac umhal Dháibhí Rí
'S do Mhuir(e) a chéil(e) in-linbh
Ní bhfuíodh in aon áit aíocht.

Ach d'aimsigh sé áit fábhail
Amach faoi thaobh an chnuic
Ó ghleithearán na sráide,
I gcuas fuar dhubhach istigh,
Is rug an mhaighdean mháthair
Gan eagla ansiúd gan phian
Ár nDia 'nár measc 's ár mbráthair:
Níos goire an bhféadfaí thiacht?

Ó 'chaomh-sgoth iníon Dhaibhí,
A thobair fhír gan bhéim,
Is beó le huisge sáir-bhrí
Do leanbh neimhe Dé.

Ar son a cháirdí iarr air
Ár ngairm siar ó'n bhfán
Go gcasam dó (a)r a rí-chnoc
Chun cónaí leis go bráth.
[Carúil 6 T. Ó Sheagha]

104 An Teitheadh go hÉigipt

Tráth chuala Héród bhí laige 's gruaim air
Go rugadh an Ri a bhéarfadh bua air,
In onóir, in uaisleacht, i gcumhacht 's i méadacht
Do líon lán-channcar fuatha 's éad, é,
'S nach trua sin!

Ba ghearr go dtáinig an t-aingeal 'n dhéidh sin
Agus labhair go modhail leis an Fhaoilinn
. déid-ghil-
"O! caithfidh sibh teicheadh le chéile go hÉigipt
Nó is gairid go gcluinnidh sibh feall is éigeart,
Is nach trua sin!

D'imigh an Triúr ar shiúl na hoidhche –
An Naomh, an Mhaighdean agus Ri na Rithe –
Gan charaid gan stór gan ór gan éadail
Ach rí na bhFlaitheas, an Leanbhán Gléigeal,
Is nach trua sin!

105 Uain Dé

Uain Dé a thógann peacaí 'n domhain

Dein trócaire orainn a Uain Dé
Uain Dé, a thógann peacaí 'n domhain
Dein trócaire orainn a Uain Dé
Uain Dé a thógann peacaí 'n domhain,
Tabhair dúinn síocháin, a Uain Dé
Aifreann Réalt na Marale Máire Ní Dhuibhir]

106

Uain Dé, a thagann chugainn le háthas
Tá fáilte romhat, a Uain Dé.
[Is Tú Mo cheol Aifreann. M.Ní Dhuibhir]